Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**6128/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0027(NLE)**

**COEST 139**
**POLCOM 26**
**TELECOM 39**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Feabhra 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 49 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d'Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin a mhodhnú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 49 final, Iarscríbhinn..

Faoi iamh.: COM(2025) 49 final Iarschríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.2.2025
COM(2025) 49 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d’Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin a mhodhnú**

# CEANGALTÁN

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. X/2025**
**ÓN gCOISTE COMHLACHAIS IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN ÚCRÁIN I nDÁIL LE CUMRAÍOCHT TRÁDÁLA**

**an xxx 2025**

**lena modhnaítear Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide)**
**d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais**
**idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach**
**agus a mBallstáit, de pháirt amháin,**
**agus an Úcráin, den pháirt eile**

AN COISTE COMHLACHAIS I nDÁIL LE CUMRAÍOCHT TRÁDÁLA (dá ngairtear an 'Coiste Trádála' anseo feasta),

Ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 465(3) de agus Airteagal 11 d'Iarscríbhinn XVII de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile ('an Comhaontú'), tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017.

(2) Le hAirteagal 1(2), pointe (d), den Chomhaontú foráiltear gurb é is aidhm don Chomhaontú, *inter alia*, tacú le hiarrachtaí na hÚcráine an t-aistriú go geilleagar margaidh feidhmiúil a thabhairt chun críche trí bhíthin, *inter alia*, a reachtaíocht a chomhfhogasú de réir a chéile do reachtaíocht an Aontais.

(3) In Airteagal 124 den Chomhaontú, aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé reachtaíocht na hÚcráine atá ann cheana a chomhfhogasú do reachtaíocht an Aontais in earnáil na seirbhísí teileachumarsáide. Tá gealltanas tugtha ag an Úcráin go n-áiritheoidh sí go ndéanfar na dlíthe atá aici faoi láthair agus an reachtaíocht a bheidh aici amach anseo a chomhoiriúnú le *acquis* an Aontais. Foráiltear leis an gcomhfhogasú sin go leathnófar de réir a chéile eilimintí uile *acquis* an Aontais dá dtagraítear i bhFoscríbhinní XVII-2 go XVII-5 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú agus ba cheart, a luaithe agus a chomhlíonfar na coinníollacha ina leith, go ndéanfaí an Úcráin a chomhtháthú de réir a chéile i margadh inmheánach an Aontais, go háirithe trí chóir margaidh inmheánaigh a dheonú go cómhalartach i gcomhréir le hAirteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú.

(4) D'iarr an Úcráin tuilleadh comhtháthaithe maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas, go háirithe trí chóir margaidh inmheánaigh chun críche fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste.

(5) Chun aistriú na hÚcráine de réir a chéile chuig achtú iomlán agus cur chun feidhme iomlán na bhforálacha is infheidhme maidir leis an earnáil teileachumarsáide a chumasú, go háirithe na forálacha sin maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste, le Cinneadh 1/2023 ó Choiste Comhlachais AE-na hÚcráine i gCumraíocht Trádála([1]) comhlánaíodh Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú le gníomhartha ábhartha an Aontais a bhaineann le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste.

(6) De bhun Airteagal 4(2) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú, an 7 Samhain 2024 thug an Úcráin fógra don Aontas gur mheas sí gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le *acquis* an Aontais a achtú agus a chur chun feidhme agus d'iarr sí ar an Aontas measúnú cuimsitheach a dhéanamh in earnáil na fánaíochta ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste.

(7) Ar bhonn na measúnuithe agus an fhaireacháin rialta de bhun Fhoscríbhinn XVII-6 agus an mheasúnaithe leanúnaigh faoi Airteagal 4(2) d'Iarscríbhinn XVII agus tionchar chogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine á chur san áireamh, is iomchuí oiriúnuithe sonracha áirithe breise a thabhairt isteach ar Chuid A d'Fhoscríbhinn XVII-3.

(8) I bhfianaise na ndeacrachtaí ar leith atá roimh an Úcráin, mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise, is iomchuí am breise a thabhairt don Úcráin chun Airteagal 7(2), Airteagal 8(1), agus Airteagal 30(6) de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([2]) a chur chun feidhme go hiomlán, gan an fhéidearthacht go ndéanfadh an Coiste Trádála cinneadh faoi dheireadh chun cóir margaidh inmheánaigh a dheonú le haghaidh fánaíochta de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII a chur siar.

(9) Leis na hoiriúnuithe ar Airteagal 7(2), Airteagal 8(1), agus Airteagal 30(6) de Threoir (AE) 2018/1972, soláthraítear sprioc-am sonrach ar gá don Úcráin gníomhaíocht bhreise a dhéanamh laistigh de d'fhonn a hoibleagáidí maidir le comhfhogasú rialála a chomhlíonadh go hiomlán. Ba cheart a shoiléiriú, i gcás ina ndeonaítear cóir an mhargaidh inmheánaigh de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste, go bhfuil feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 5(4) go (6) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis na hoiriúnuithe sonracha ar Airteagal 7(2), Airteagal 8(1), agus Airteagal 30(6) de Threoir (AE) 2018/1972.

(10) Forálacha áirithe de Threoir (AE) 2018/1972, Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([3]), Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa

---

([1]) Cinneadh 1/2023 ó Choiste Comhlachais AE-an Úcráin i gCumraíocht Trádála an 24 Aibreán 2023 lena modhnaítear Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile [2023/930] (IO L 123 an 8.5.2023, lch. 38, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2023/930/oj).

([2]) Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/1972/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO L 115, 13.4.2022, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2022/612/oj).

agus ón gComhairle ([4]), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286 ón gCoimisiún([5]) agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 ón gCoimisiún([6]), níl siad ábhartha chun críoch oibleagáidí na hÚcráine maidir le comhfhogasú rialála san fho-earnáil seirbhísí fánaíochta. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, is iomchuí a shonrú cé na forálacha atá ábhartha i bhFoscríbhinn XVII-3. Déantar é sin gan dochar d'oibleagáid na hÚcráine Treoir (AE) 2018/1972 a chur chun feidhme go hiomlán chun críche cinneadh a dhéanfaidh an Coiste Trádála faoi dheireadh chun cóir margaidh inmheánaigh a dheonú le haghaidh seirbhísí teileachumarsáide de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII.

(11) Chuaigh an dáta dlite maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2018/1972 ag an Úcráin in éag an 31 Nollaig 2024. Is gá, dá bhrí sin, tráthchlár nua a shocrú i bhfianaise imthosca sonracha na hÚcráine.

(12) Tar éis cóir an mhargaidh inmheánaigh a dheonú le haghaidh fánaíochta, féadfaidh na meánmhuirir fánaíochta mhórdhíola a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/612 agus na meánrátaí foirceanta a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 ón gCoimisiún a bheith faoi réir leasuithe. Chun cómhalartacht a áirithiú i ndáil le leibhéal na meánmhuirear fánaíochta mórdhíola nó na meánrátaí foirceannta is infheidhme idir gnóthais le linn na tréimhse is gá don Úcráin chun aon leasuithe a thrasuí ina córas dlí baile agus chun iad a chur chun feidhme, is gá rialacha sonracha a sholáthar maidir le dáta infheidhmeachta na rialacha maidir le meánmhuirir fánaíochta mórdhíola leasaithe nó meánrátaí foirceanta.

(13) Mar thoradh ar an gcur chuige a ghlac an Úcráin maidir le rialacháin an Aontais dá dtagraítear i gCuid A d'Fhoscríbhinn XVII-3 a thrasuí agus a chur chun feidhme, bhí neamhréireachtaí téacs áirithe idir Rialacháin an Aontais agus na gníomhartha lena n-ionchorpraítear iad i ndlíchóras na hÚcráine. Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh, i gcás coinbhleachta, go mbeidh forlámhas ag téacs Rialacháin an Aontais ar théacs an ghnímh nó na ngníomhartha lena n-ionchorpraítear iad i ndlíchóras na hÚcráine.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

---

([4]) Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC), lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 (IO L 321, 17.12.2018, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2018/1971/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2016 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm an bheartais maidir le húsáid chóir agus maidir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar a inbhuanaithe agus atá sé deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola agus maidir leis an iarratas a bheidh le cur isteach ag soláthraí seirbhísí fánaíochta chun críocha an mheasúnaithe sin (IO L 344, 17.12.2016, lch. 46, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_impl/2016/2286/oj).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste agus uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta a leagan síos (IO L 137, 22.4.2021, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_del/2021/654/oj).

*Airteagal 2*

Tá an Cinneadh seo leagtha síos sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Úcráinis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach ceann de na téacsanna sin.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, [dáta]

*Thar ceann an Choiste Comhlachais i gcumraíocht na Trádála*

| | |
|---|---|
| *Léon DELVAUX* | *Mariella Cantagalli* |
| | *Oleksandra NECHYPORENKO* |
| *An Cathaoirleach* | *Na Rúnaithe* |

**IARSCRÍBHINN**

Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Chuid A d'Fhoscríbhinn XVII-3:

A. Beartas foriomlán um chumarsáid leictreonach Eorpach

Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([7]).

– chun bearta reachtacha, teicniúla agus eagraíochtúla a dhéanamh atá iomchuí agus comhréireach, ag féachaint do chreat na mbeart a cuireadh i láthair i 'Bosca Uirlísí maidir le bearta maolaitheacha rioscaí do Chibearshlándáil líonraí 5G' a foilsíodh tar éis Mholadh (AE) 2019/534 ón gCoimisiún ([8]), a mhéid a bhaineann le rioscaí ar shlándáil líonraí agus seirbhísí a bhainistiú mar is cuí.

Gan dochar d'oibleagáid na hÚcráine Treoir (AE) 2018/1972 a chur chun feidhme go hiomlán chun críche cinneadh a dhéanfaidh an Coiste Trádála faoi dheireadh chun cóir an mhargaidh inmheánaigh a dheonú le haghaidh seirbhísí teileachumarsáide de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII, chun críche cinneadh a dhéanfaidh an Coiste Trádála faoi dheireadh chun cóir margaidh inmheánaigh a dheonú le haghaidh fánaíochta de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII:

– maidir le neamhspleáchas polaitiúil agus cuntasacht údarás rialála náisiúnta na hÚcráine, cuirfear Airteagal 8(1) chun feidhme go hiomlán laistigh de 5 bliana ón dáta a shonraítear in aon chinneadh a dhéanfaidh an Coiste Trádála faoi dheireadh chun cóir an mhargaidh inmheánaigh a dheonú le haghaidh fánaíochta de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII. Go háirithe, glacfar bearta arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an oibleagáid atá ar ghníomhartha rialála dlí údarás rialála náisiúnta na hÚcráine dul faoi nós imeachta clárúcháin stáit ag Aireacht Dlí agus Cirt na hÚcráine. Tá an t-oiriúnú sin gan dochar d'oibleagáid na hÚcráine gach ceanglas eile a leagtar amach in Airteagal 8(1) a chur chun feidhme.

– maidir le coinníollacha foirceanta shainordú na gcomhaltaí de choláiste údarás rialála náisiúnta na hÚcráine, cuirfear Airteagal 7(2) chun feidhme go hiomlán laistigh de 5 bliana ón dáta a shonraítear in aon chinneadh a dhéanfaidh an Coiste Trádála faoi dheireadh chun cóir an mhargaidh inmheánaigh a dheonú le haghaidh fánaíochta de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII.

– maidir le cumhacht údarás rialála náisiúnta na hÚcráine bearta eatramhacha práinneacha a dhéanamh chun an cás a leigheas sula dtiocfaidh sé ar chinneadh críochnaitheach, i gcás ina bhfuil fianaise aige gur sáraíodh coinníollacha an údaraithe ghinearálta, cuirfear Airteagal 30(6) chun feidhme go hiomlán laistigh de 5 bliana ón dáta a shonrófar i gcinneadh a dhéanfaidh an Coiste Trádála faoi dheireadh maidir le cóir an mhargaidh inmheánaigh a dheonú le haghaidh fánaíochta de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII. Tá an t-oiriúnú sin gan dochar d'oibleagáid na hÚcráine gach ceanglas eile a leagtar amach in Airteagal 30(6) a chur chun feidhme.

---

([7]) Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2018/1972/oj).

([8]) Moladh (AE) 2019/534 ón gCoimisiún an 26 Márta 2019 maidir le Cibearshlándáil líonraí 5G (C/2019/2335) (IO L 88, 29.3.2019, lch. 42, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reco/2019/534/oj).

I gcás ina ndéantar cóir an mhargaidh inmheánaigh a dheonú go cómhalartach de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste sula dtéann na spriocdhátaí a leagtar amach i bpointí 1 go 3 thuas in éag, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 5(4) go (6).

Gan dochar d'oibleagáid na hÚcráine Treoir (AE) 2018/1972 a chur chun feidhme go hiomlán chun críche cinneadh a dhéanfaidh an Coiste Trádála faoi dheireadh chun cóir an mhargaidh inmheánaigh a dheonú le haghaidh seirbhísí teileachumarsáide de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII, chun críche cinneadh a dhéanfaidh an Coiste Trádála faoi dheireadh chun cóir an mhargaidh inmheánaigh a dheonú le haghaidh fánaíochta de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII, ní mór na forálacha seo a leanas de Threoir (AE) 2018/1972 a chur chun feidhme:

– Airteagal 1 - Ábhar, raon feidhme agus aidhmeanna,
– Airteagal 2 - Sainmhínithe, pointí (1) agus (2), (4) go (11), (13) go (16), (22), (27) go (34), (36), agus (38) go (40),
– Airteagal 3 - Na cuspóirí ginearálta,
– Airteagal 5 - Údaráis rialála náisiúnta agus údaráis inniúla eile,
– Airteagal 6 - Neamhspleáchas na n-údarás rialála náisiúnta agus na n-údarás inniúla eile,
– Airteagal 7 - Comhaltaí de chuid na n-údarás rialála náisiúnta a cheapadh nó a bhriseadh as a bpost,
– Airteagal 8 - Neamhspleáchas polaitiúil agus cuntasacht na n-údarás rialála náisiúnta,
– Airteagal 9 - Inniúlacht rialála na n-údarás rialála náisiúnta,
– Airteagal 10 - Rannpháirtíocht na n-údarás rialála náisiúnta in BEREC,
– Airteagal 11 - Comhar leis na húdaráis náisiúnta,
– Airteagal 12 - Údarú ginearálta líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí
– Airteagal 13 - Coinníollacha a ghabhann leis an údarú ginearálta agus leis na cearta úsáide do speictream raidió agus d'acmhainní uimhrithe, agus oibleagáidí sonracha, seachas gach tagairt do chearta úsáide do speictream raidió agus d'acmhainní uimhrithe agus na crostagairtí d'Airteagal 45, d'Airteagal 51, d'Airteagal 62, d'Airteagal 68, d'Airteagal 83 agus d'Airteagal 94,
– Airteagal 14 - Dearbhuithe lena n-éascaítear feidhmiú na gceart chun saoráidí a shuiteáil agus feidhmiú na gceart idirnaisc,
– Airteagal 15 - Liosta de na cearta íosta ón údarú ginearálta,
– Airteagal 16 - Muirir riaracháin,
– Airteagal 17 - Deighilt cuntasaíochta agus tuarascálacha airgeadais,
– Airteagal 18 - Leasú ar chearta agus oibleagáidí, seachas gach tagairt do chearta úsáide do speictream raidió, d'acmhainní uimhrithe agus do shaoráidí a shuiteáil,
– Airteagal 19 - Cearta a shrianadh nó a tharraingt siar, seachas gach tagairt do chearta úsáide do speictream raidió, d'acmhainní uimhrithe agus do shaoráidí a shuiteáil,

- Airteagal 20 - Iarraidh ar fhaisnéis chuig gnóthais,
- Airteagal 21 - Faisnéis a cheanglaítear maidir leis an údarú ginearálta, cearta úsáide agus oibleagáidí sonracha, seachas gach tagairt do chearta úsáide agus oibleagáidí sonracha agus na crostagairtí d’Airteagal 13(2), d’Airteagal 22, agus d’Iarscríbhinn I, codanna D agus E,
- Airteagal 23 - Sásra comhairliúcháin agus trédhearcachta, seachas (2) agus na crostagairtí d’Airteagal 32(10), agus d’Airteagal 45(4) agus (5),
- Airteagal 24 - Comhairliúchán le páirtithe leasmhara,
- Airteagal 25 - Réiteach díospóide lasmuigh den chúirt,
- Airteagal 26 - Díospóidí idir gnóthais a réiteach,
- Airteagal 27 - Díospóidí trasteorann a réiteach, (1) agus (2), agus (4) go (6),
- Airteagal 29 - Pionóis, (1),
- Airteagal 30 - Coinníollacha an údaraithe ghinearálta nó na gceart úsáide do speictream raidió agus d’acmhainní uimhrithe a chomhlíonadh agus oibleagáidí sonracha a chomhlíonadh, seachas gach tagairt do chearta úsáide do speictream raidió agus d’acmhainní uimhrithe agus na crostagairtí d’Airteagal 4, d’Airteagal 13(2), d’Airteagal 45(1), d’Airteagal 47, d’Airteagal 67 agus d’Airteagal 69,
- Airteagal 31 - Ceart achomhairc,
- Airteagal 59 - Creat ginearálta le haghaidh rochtana agus idirnascadh,
- Airteagal 60 - Cearta agus oibleagáidí gnóthas, (1) agus (2)
- Airteagal 61 - Cumhachtaí agus freagrachtaí na n-údarás rialála náisiúnta agus údarás inniúil eile maidir le rochtain agus idirnascadh, (1), (2) pointí (a) go (c), (3), (5), agus (6),
- Airteagal 75 - Rátaí foirceanta, (2) agus (3),
- Airteagal 93 - Acmhainní uimhrithe, an chéad fhomhír de (5),
- Airteagal 97 - Rochtain ar uimhreacha agus ar sheirbhísí,
- Airteagal 99 - Neamh-idirdhealú,
- Airteagal 100 - Coimirce ar chearta bunúsacha,
- Airteagal 108 - Infhaighteacht seirbhísí,
- Airteagal 111 - Rochtain agus rogha choibhéiseach d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas,
- Airteagal 120 - Faisnéis a fhoilsiú,
- Airteagal 122 - Nósanna imeachta athbhreithnithe, an dara fomhír agus an tríú fomhír de (1),
- Iarscríbhinn I - Liosta coinníollacha a d’fhéadfadh a bheith ceangailte le húdaruithe ginearálta, le cearta maidir le húsáid speictrim raidió agus le cearta maidir le húsáid acmhainní uimhrithe, codanna A go C,
- Iarscríbhinn III - Critéir maidir le cinneadh faoi rátaí mórdhíola do fhoirceannadh guthghlaonna.

Tráthchlár: gan dochar do na spriocdhátaí sonracha a bhaineann le forálacha atá ábhartha do chóir an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh fánaíochta, cuirfear forálacha Threoir (AE) 2018/1972 chun feidhme faoin 31 Nollaig 2028.

Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([9]).

– Airteagail 2 go 6 de Rialachán (AE) 2015/2120 a chur chun feidhme.

Tráthchlár: cuirfear forálacha Rialachán (AE) 2015/2120 chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Treoir 2002/77/CE ón gCoimisiún([10]).

– lena ndéantar faireachán ar an iomaíocht chóir sna margaí cumarsáide leictreonaí, go háirithe maidir le praghsanna atá dírithe ar chostais le haghaidh seirbhísí.

Treoir 98/84/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([11]).

Tráthchlár: cuirfear forálacha na ngníomhartha thuasluaite chun feidhme laistigh de 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([12]).

Cumhdaítear le Treoir 2000/31/CE seirbhísí na sochaí faisnéise uile, gnólacht le gnólacht agus gnólacht le tomhaltóir araon, i.e. aon seirbhís a sholáthraítear de ghnáth i gcomhair luach saothair, go cianda, trí mhodh leictreonach agus ar iarraidh aonair ó fhaighteoir seirbhíse.

Tráthchlár: cuirfear forálacha Threoir 2000/31/CE chun feidhme laistigh de 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

---

([9]) Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO L 310, 26.11.2015, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2015/2120/oj).

([10]) Treoir 2002/77/CE ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2002 maidir le hiomaíocht sna margaí do líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (IO L 249, 17/09/2002, lch. 21, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2002/77/oj).

([11]) Treoir 98/84/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 1998 maidir le cosaint dhlíthiúil seirbhísí bunaithe ar rochtain choinníollach nó ar cuid de rochtain choinníollach iad (IO L 320, 28.11.2002, lch. 54, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/1998/84/oj).

([12]) Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (‘an Treoir maidir le trádáil leictreonach’) (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2000/31/oj).

Treoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([13]).

Tráthchlár: cuirfear forálacha Threoir 2014/61/AE chun feidhme faoin 31 Nollaig 2021.

Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([14]).

Tá forálacha Rialachán (AE) 2022/612, chun críocha an Chomhaontaithe seo, oiriúnaithe mar seo a leanas: In Airteagal 1(4) déantar tagairt do rátaí malairte tagartha arna bhfoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Fad nach bhfoilseoidh an Banc Ceannais Eorpach rátaí malairte do hryvnia na hÚcráine, úsáidfear rátaí malairte idir an euro agus hryvnia na hÚcráine arna bhfoilsiú ag Banc Náisiúnta na hÚcráine chun críocha Airteagal 1(4) a chur i bhfeidhm. Fágfar na tréimhsí tagartha agus na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 1(4) gan athrú.

Na forálacha uile a chur chun feidhme cé is moite de na forálacha seo a leanas:

– Airteagal 1 - Ábhar agus raon feidhme, (5),
– Airteagal 3 - Rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, (8),
– Airteagal 4 - Soláthar seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte, (3),
– Airteagal 7 - Cur chun feidhme beartais maidir le húsáid chóir agus an tsásra inbhuanaitheachta, (1) go (3) agus (5). Tá an eisceacht maidir le hAirteagal 7(1) go (3) gan dochar d'oibleagáid na hÚcráine na Gníomhartha Cur Chun Feidhme a chur chun feidhme maidir le beartais maidir le húsáid chóir a chur i bhfeidhm, don mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht an tsoláthair seirbhísí fánaíochta miondíola ar phraghsanna baile agus don iarratas nach mór do soláthraí seirbhísí fánaíochta a thíolacadh chun críocha an mheasúnaithe ar an inbhuanaitheacht a dhéanamh,
– Airteagal 8 - Cur i bhfeidhm eisceachtúil formhuirear miondíola chun seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a thomhailt agus taraifí malartacha a sholáthar, (6),
– An chéad fhomhír agus an tríú fomhír d'Airteagal 16 - Bunachar sonraí de raonta uimhrithe le haghaidh seirbhísí breisluacha agus modhanna rochtana ar sheirbhísí éigeandála,
– Airteagal 20 - Nós imeachta coiste,
– Airteagal 21 - Athbhreithniú,
– Airteagal 23 - Aisghairm.

---

([13]) Treoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le bearta chun an costas a bhaineann le cur in úsáid líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a laghdú (IO L 155, 23.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/61/oj).

([14]) Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (athmhúnlú) (IO L 115, 13.4.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/612/oj).

I gcás ina leasófar aon cheann den mheánmhuirear mórdhíola a leagtar amach in Airteagal 9(1), Airteagal 10(1), nó Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2022/612 tar éis don Choiste Trádála cinneadh a dhéanamh faoi dheireadh cóir an mhargaidh inmheánaigh a dheonú le haghaidh fánaíochta de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII, cuirfear tús lena chur i bhfeidhm éigeantach chun críocha an Chomhaontaithe seo ar an dáta céanna i gcás an dá Pháirtí. Is é sin dáta theacht i bhfeidhm leasú nó leasuithe Rialachán (AE) 2022/612 nó dáta theacht i bhfeidhm reachtaíocht na hÚcráine atá go hiomlán comhlíontach lena gcuirtear chun feidhme leasú nó leasuithe Rialachán (AE) 2022/612, tar éis a dheimhnithe leis an measúnú de bhun Airteagal 5(4) d'Iarscríbhinn XVII, cibé dáta is déanaí, nó dáta teacht i bhfeidhm eile arna chomhaontú ag an dá Pháirtí chun an éifeacht chur i bhfeidhm chúlghabhálach a sheachaint. Go dtí an dáta a luaitear, leanfaidh na muirir a rialaíodh roimhe sin de bheith infheidhme chun críocha an Chomhaontaithe seo.

Gan dochar d'Airteagal 2(1) agus d'Airteagal 2(2) d'Iarscríbhinn XVII, i gcás neamhréireachtaí idir téacs Rialachán (AE) 2022/612 agus an gníomh nó na gníomhartha lena n-ionchorpraítear é i ndlíchóras na hÚcráine, beidh forlámhas ag téacs Rialachán (AE) 2022/612.

Tráthchlár: cuirfear forálacha Rialachán (AE) 2022/612 chun feidhme laistigh de 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh [1/2023].

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286 ón gCoimisiún([15]).

Na forálacha uile a chur chun feidhme cé is moite de na forálacha seo a leanas:

- Airteagal 12 - Athbhreithniú.

Gan dochar d'Airteagal 2(1) agus d'Airteagal 2(2) d'Iarscríbhinn XVII, i gcás neamhréireachtaí idir téacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286 agus an gníomh nó na gníomhartha lena n-ionchorpraítear é i ndlíchóras na hÚcráine, beidh forlámhas ag téacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286.

Tráthchlár: cuirfear forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286 chun feidhme laistigh de 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh [1/2023].

Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 ón gCoimisiún([16]).

---

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2016 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm an bheartais maidir le húsáid chóir agus maidir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar a inbhuanaithe agus atá sé deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola agus maidir leis an iarratas a bheidh le cur isteach ag soláthraí seirbhísí fánaíochta chun críocha an mheasúnaithe sin (C/2016/8784) (IO L 344, 17.12.2016, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/2286/oj).

([16]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste agus uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta a leagan síos (C/2020/8703) (IO L 137, 22.4.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/654/oj).

Tá forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654, chun críocha an Chomhaontaithe seo, oiriúnaithe mar seo a leanas: In Airteagal 3(2) agus (3) déantar tagairt do rátaí malairte tagartha arna bhfoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Fad nach bhfoilseoidh an Banc Ceannais Eorpach rátaí malairte do hryvnia na hÚcráine, úsáidfear rátaí malairte idir an euro agus hryvnia na hÚcráine arna bhfoilsiú ag Banc Náisiúnta na hÚcráine chun críocha Airteagal 3(2) agus (3) a chur i bhfeidhm. Fágfar na tréimhsí tagartha agus na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3(2) agus (3) gan athrú.

I gcás ina leasófar aon cheann den ráta foirceanta a leagtar amach in Airteagal 4(1) nó in Airteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 tar éis don Choiste Trádála cinneadh a dhéanamh faoi dheireadh cóir margaidh inmheánaigh a dheonú le haghaidh fánaíochta de bhun Airteagal 4(3) d’Iarscríbhinn XVII, cuirfear tús lena chur i bhfeidhm éigeantach chun críocha an Chomhaontaithe seo ar an dáta céanna don dá Pháirtí. Is é sin dáta theacht i bhfeidhm leasú nó leasuithe Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 nó dáta theacht i bhfeidhm reachtaíocht na hÚcráine atá go hiomlán comhlíontach lena gcuirtear chun feidhme leasú nó leasuithe Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654, tar éis a dheimhnithe leis an measúnú de bhun Airteagal 5(4) d’Iarscríbhinn XVII, cibé dáta is déanaí, nó dáta teacht i bhfeidhm eile arna chomhaontú ag an dá Pháirtí chun an éifeacht chur i bhfeidhm chúlghabhálach a sheachaint. Go dtí an dáta a luaitear, leanfaidh na rátaí foirceanta a rialaíodh roimhe sin de bheith infheidhme chun críocha an Chomhaontaithe seo.

Gan dochar d’Airteagal 2(1) agus d’Airteagal 2(2) d’Iarscríbhinn XVII, i gcás neamhréireachtaí idir téacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 agus an gníomh nó na gníomhartha lena n-ionchorpraítear é i ndlíchóras na hÚcráine, beidh forlámhas ag téacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654.

Tráthchlár: cuirfear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 chun feidhme roimh Rialachán (AE) 2022/612 agus laistigh de 11 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh [1/2023], leis na heisceachtaí seo a leanas:

– Airteagal 1(2),
– Maidir le glaonna náisiúnta a thionscnaítear agus a fhoirceanntar ó uimhreacha na hÚcráine san Úcráin, beidh feidhm ag Airteagal 1(3) laistigh de 3 bliana ón dáta a shonraítear i gcinneadh a dhéanfaidh an Coiste Trádála faoi dheireadh chun cóir sa mhargadh inmheánach a dheonú le haghaidh fánaíocht a dhéanamh de bhun Airteagal 4(3) d’Iarscríbhinn XVII,
– Cuirfear Airteagal 1(4) chun feidhme sula ndéanfaidh an Coiste Trádála cinneadh faoi dheireadh chun cóir margaidh inmheánaigh a dheonú do sheirbhísí teileachumarsáide de bhun Airteagal 4(3) d’Iarscríbhinn XVII,
– Airteagal 4(2) go (5),
– Airteagal 5(2).

Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([17]).

Na forálacha seo a leanas le cur chun feidhme:

– Airteagal 3 - Cuspóirí BEREC, (5),
– Airteagal 4 - Cúraimí rialála BEREC, (4),
– Airteagal 7 - Comhdhéanamh an Bhoird Rialálaithe, (1) go (3),
– Airteagal 8 - Neamhspleáchas an Bhoird Rialálaithe,
– Airteagal 11 - Cruinnithe an Bhoird Rialálaithe, (5),
– Airteagal 12 - Rialacha vótála an Bhoird Rialálaithe, (2),
– Airteagal 15 - Comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta, (1) go (3),
– Airteagal 18 - Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta, (5),
– Airteagal 38 - Rúndacht, (2),
– Airteagal 40 - Malartú faisnéise, (1), (2), (4), agus (5),
– Airteagal 42 - Dearbhuithe leasanna, (1) agus (2).

Beidh údarás rialála náisiúnta na hÚcráine ar a bhfuil an phríomhfhreagracht as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na margaí ó lá go lá maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí rannpháirteach go hiomlán in obair Bhord Rialálaithe BEREC, mheithleacha BEREC agus Bhord Bainistíochta Oifig BEREC. Beidh cearta ag údarás rialála náisiúnta na hÚcráine agus beidh oibleagáidí uirthi a bheidh ar aon dul leis na cearta atá ag údaráis rialála náisiúnta Bhallstáit an Aontais agus leis na hoibleagáidí atá orthu, cé is moite den cheart vótála agus an ceart chun Cathaoirleachta ar an mBord Rialálaithe agus ar an mBord Bainistíochta.

Ina fhianaise sin, déanfar ionadaíocht ar údarás rialála náisiúnta na hÚcráine ar leibhéal iomchuí i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) 2018/1971. I gcomhréir le rialacha ábhartha rialachán an Aontais thuasluaite, tabharfaidh BEREC agus Oifig BEREC cúnamh, de réir mar a bheidh, d'údarás rialála náisiúnta na hÚcráine agus a chúramaí á gcomhlíonadh aige.

Tabharfaidh údarás rialála náisiúnta na hÚcráine lánaird ar aon treoirlíne, tuairim, moladh, comhsheasamh agus dea-chleachtais arna nglacadh ag BEREC d'fhonn cur chun feidhme comhsheasmhach an chreata rialála do chumarsáid leictreonach a áirithiú. Chun críche cóir an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh fánaíochta de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII, tabharfaidh údarás rialála náisiúnta na hÚcráine lánaird ar aon treoirlíne arna glacadh ag BEREC d'fhonn cur chun feidhme comhsheasmhach an chreata rialála maidir le fánaíocht a áirithiú agus tabharfaidh sé cúiseanna nuair a imíonn sé ó threoirlíne den sórt sin.

([17]) Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC), lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 (IO L 321, 17.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1971/oj).

Gan dochar d'Airteagal 2(1) agus d'Airteagal 2(2) d'Iarscríbhinn XVII, i gcás neamhréireachtaí idir téacs Rialachán (AE) 2018/1971 agus an gníomh nó na gníomhartha lena n-ionchorpraítear é i ndlíchóras na hÚcráine, beidh forlámhas ag téacs Rialachán (AE) 2018/1971.

Tráthchlár: cuirfear forálacha Rialachán (AE) 2018/1971 chun feidhme laistigh de 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh [1/2023].